An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí
Commission for Public Service Appointments

CÓD CLEACHTAIS

CEAPACHÁN CHUN POIST MAR GHARDA FAOI OILIÚINT SA GHARDA SÍOCHÁNA

An Coimisiún
um Cheapacháin
Seirbhíse Poiblí
Commission
for Public Service
Appointments

An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí
Áras na Caibidle, 26-30 Sráid na Mainistreach Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
a d'fhoilsigh sa bhliain 2007
Teil: (01) 877 9940, Facs: (01) 877 9950
Rphost: info@cpsa-online.ie
Idirlíon: www.cpsa-online.ie

Arna dhearadh agus arna tháirgeadh ag catalyst agus á chur i gcló in Éirinn ag Global Print

BROLLACH

Bunaíodh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí an 19 Meán Fómhair 2004 faoi théarmaí an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004.

Mar phríomhrialtóir an phróisis earcaíochta agus roghnóireachta laistigh den tseirbhís phoiblí, tá ról reachtúil ag an gCoimisiún lena chinntiú gur de réir an fhiúntais agus de thoradh próiseas ceapacháin atá cothrom trédhearcach a dhéantar ceapacháin sna heagraíochtaí a thagann faoina réimse feidhme.

Tá na próisis earcaíochta le haghaidh na bpost go léir a thagann faoi réim an Achta faoi réir na gCód Cleachtais arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún. Leagann na Cóid amach an creat rialaithe do phróisis cheapacháin den sórt sin agus díríonn siad ar chúig phrionsabal de chuid na hearcaíochta. Léiríonn samplaí de gach prionsabail, agus iad á n-oibriú go praiticiúil, dearcadh an Choimisiúin maidir lena gcur i bhfeidhm agus cuireann siad in iúl na réimsí is mian leis an gCoimisiún a athbhreithniú trína fheidhm iniúchta. Chomh maith leis sin leagann na Cóid amach na ceanglais i ndáil le hiompar na n-iarrthóirí sa phróiseas roghnóireachta, á chinntiú tríd sin, go bhfuil cur chuige caighdeánach i dtaobh na hearcaíochta á ghlacadh ag gach rannpháirtí.

Aithníonn an Coimisiún go gcaithfidh cleachtais earcaíochta a bheith ag forbairt go leanúnach de thoradh timpeallacht oibre agus timpeallacht sóisialta atá ag síor-athrú agus go gcaitfidh siad coinneáil suas le gach gné den nósmhaireacht is fearr dá bhfuil ann. Is scáthán iad na Cóid mar sin ar léargais láithreacha an Choimisiúin ar eilimintí éagsúla an phróisis cheapacháin agus tugann siad cur chuige prionsabal-bhunaithe dúinn a aithníonn agus a spreagann nádúr forásách córas earcaíochta.

Leagann an Cód Cleachtais seo amach na prionsabail nach mór a urramú maidir le ceapacháin chun poist mar Gharda faoi Oiliúint sa Gharda Síochána.

“Tá ról reachtúil ag an gCoimisiún lena chinntiú gur ar bhonn an fhiúntais agus de thoradh próiseas ceapacháin atá cothrom trédhearcach a dhéanfar ceapacháin sna heagraíochtaí a thagann faoina réimse feidhme.”

AN CLÁR

Brollach 3

Alt 1 Réamhrá 6
1.1 An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí 6
1.2 Cad is réimse feidhme reachtúil don Choimisiún? 6
1.3 Cad a dhéanann an Coimisiún? 6
1.4 Cad iad Cóid Chleachtais an Choimisiúin? 7
1.5 C'én uair a bhfuil feidhm ag an gCód seo? 8
1.6 Struchtúr an Chóid seo 8
1.7 Monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na gCód 9
1.8 Comhairle bhreise 9

Alt 2 Prionsabail na hEarcaíochta 10
2.1 An tIonracas 10
2.2 Ceapacháin déanta ar bhonn an fhiúntais 12
2.3 Próiseas ceapacháin de réir scothchleachtais 15
2.4 Próiseas cothrom ceapacháin á chur i bhfeidhm go comhsheasmhach 19
2.5 Ceapacháin á ndéanamh ar mhodh oscailte, freagrach, trédhearcach 22

Alt 3 Beartais agus Cleachtais Earcaíochta a Iniúchadh 25
3.1 An staid dhlíthiúil 25
3.2 Feidhm 25
3.3 Nósanna imeachta iniúchta 25
3.4 Foilsiú na dtuarascálacha 26

Alt 4 Freagracht as na Prionsabail Earcaíochta a Chur i bhFeidhm 27
4.1 Freagracht as na prionsabail a chur i bhfeidhm 27
4.2 Cuntas a thabhairt ar chinntí earcaíochta 27

Alt 5 Freagracht Iarrthóirí 29
5.1 Canbhasáil 29
5.2 Oibleagáidí iarrthóirí 29
5.3 Pionóis i leith mainneachtana comhlíonta 29

Alt 6 Cur isteach ar an bPróiseas Earcaíochta 30

Forléargas ar nósanna imeachta Athbhreithnithe/Achomharc 31

Alt 7 Nósanna Imeachta Athbhreithnithe i leith na nGnéithe sin den Phróiseas Earcaíochta agus Roghnóireachta arna dtarchur ag Coimisinéir an Gharda chuig an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí 33

Alt 8 Iarrataí ar Athbhreithnithe ar Chinntí a Rinneadh i ndáil leis na Gnéithe sin den Phróiseas Ceapacháin á Seoladh ag Coimisinéir an Gharda 37

Alt 9 Nósanna Imeachta Athbhreithnithe/Achomharc i ndáil le Líomhaintí faoi Shárú ar an gCód Cleachtais 39

Alt 10 Freagracht Aireachta 42

Aguisín 43
Mínithe ar na téarmaí 43

ALT 1
RÉAMHRÁ

1.1 An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (An Coimisiún). Tá an sainordú don Choimisiúin leagtha amach san Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 (an tAcht).

Is éard atá sa Choimisiún cúigear comhalta ex-officio (Coimisinéirí):

- Cathaoirleach Dháil Éireann (An Ceann Comhairle)
- Ard-Rúnaí an Rialtais
- An tArd-Rúnaí, Bainistíocht agus Forbairt na Seirbhíse Poiblí, An Roinn Airgeadais
- An Cathaoirleach, An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
- An tOmbudsman.

1.2 Cad is réimse feidhme reachtúil don Choimisiún?

Rialaíonn an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 ceapacháin chun post sa Státseirbhís, sa Gharda Síochána, i bhFheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, san Údarás um Cháilíocht agus Faisnéis Sláinte, in aon chomhlacht poiblí eile lenar leathnaíodh feidhm an Achta le hordú ón Aire Airgeadais, agus chun na post sin sna húdaráis áitiúla agus sna coistí gairmoideachais lena mbaineann Acht na nÚdarás nÁitiúil (Oifigigh agus Fostaithe), 1926.

Is é is aidhm leis an Acht seo creat éifeachtach nua-aimseartha a chur ar fáil d'earcaíocht chun na seirbhíse poiblí a cheadaíonn solúbthacht bhreisithe le linn ardcaighdeán ionracais agus cothroime a chaomhnú. Cuireann sé an fhreagracht ar an gCoimisiún sna caighdeáin a bhunú agus a chaomhnú maidir le hearcaíocht agus roghnú daoine lena gceapadh, maille leis na cumhachtaí is gá chun na caighdeáin sin a fhorfheidhmiú, ar a n-áirítear an chumhacht chun téarmaí ceadúnais earcaíochta arna n-eisiúint do chomhlacht poiblí a leasú, nó an ceadúnas a chúlghairm i gcásanna tromchúiseacha, ach ní áirítear ar na cumhachtaí sin, an chumhacht chun cinneadh earcaíochta a athrú tar éis a dhéanta.

Ní mór don Choimisiún na caighdeáin a bhunaíonn sé a chur ar fáil go poiblí i gCóid Chleachtais agus ní mór do shealbhóirí oifige iad a urramú.

1.3 Cad a dhéanann an Coimisiún?

Bunaíonn an Coimisiún caighdeáin ionracais, fiúntais, comhionannais, agus cothroime nach mór a urramú le linn daoine a cheapadh chun post sna comhlachtaí atá faoi réir a réimse feidhme.

Comhlíonann an Coimisiún a chuid cúraimí trí na feidhmeanna seo a leanas:

- Cóid Chleachtais a fhoilsiú agus a chothabháil ina leagtar amach na caighdeáin nach mór a urramú i ndáil le ceapacháin sa tseirbhís phoiblí.

- Beartais agus cleachtais earcaíochta a iniúcadh agus a mheasúnú chun na caighdeáin seo a shlánchoimeád agus chun a fháil amach cibé acu an bhfuil a Chóid Chleachtais á n-urramú nó nach bhfuil.
- Ceadúnais earcaíochta a dheonú agus an céanna a chúlghairm más gá.
- Treoracha agus comhairle a eisiúint do shealbhóirí ceadúnais.
- Nósanna cuí imeachta achomhairc a bhunú agus a leagan síos.
- Ag tuairisciú don Oireachtas agus don Rialtas, agus ag soláthar faisnéise d'Airí maidir le hoibriú na bpróiseas earcaíochta agus roghnóireachta.
- A chumhachtaí agus a dhualgais faoin Acht a chomhall.

Tá an Coimisiún freagrach i leas an phobail a chosaint i ndáil le nithe a bhaineann leis an earcaíocht agus an roghnóireacht. Úsáideann an Coimisiún a fheidhm iniúchta lena chinntiú go bhfuil na daoine, a bhfuil a Chóid á n-oibriú acu, tiomanta do na prionsabail a leagtar amach iontu.

Cuidíonn an Coimisiún le seirbhís phoiblí éifeachtach neamhchlaonta a fhorbairt trí na dualgais a fhorchuirtear air leis an Acht a chomhlíonadh. Cuireann sé an pobal ar a shuaimhneas faoi gur ar bhonn an fhiúntais atá ceapacháin á ndéanamh. Ciallaíonn sin, go roghnaíonn sealbhóirí oifige, as measc na n-iarrthóirí sin atá ar fáil, an duine is fearr don phost, lena chinntiú chomh fada agus is féidir le réasún, go gcomhlíonfar dualgais an phoist chomh héifeachtach agus is féidir.

1.4 Cad iad Cóid Chleachtais an Choimisiúin?

Is iad na Cóid Chleachtais a leagann amach bunphrionsabail an Choimisiúin maidir le hearcaíocht agus roghnóireacht agus is iad is bun le léiriú agus le cur chun feidme na bprionsabal sin. Caithfidh gach duine atá bainteach leis na próisis cheapacháin a thagann faoi réimse feidhme an Choimisiúin na caighdeáin seo a urramú. Is éard atá beartaithe leis an gcur chuige prionsabal-bhunaithe seo ná an chomhsheasmhacht, cothroime, trédhearcacht, cuntasacht agus an éagsúlacht i gcleachtais earcaíochta a chothabháil agus a mhéadú. Sa cháil sin, is scáthán iad na Cóid ar fhreagrachtaí an Choimisiúin maidir le leas an phobail a chosaint.

Cuireann na Cóid treoir shoiléir bheacht ar fáil do shealbhóirí oifige maidir leis an gcur chuige nach foláir dóibh a ghlacadh chun próiseas ceapacháin cothrom, oscailte, trédhearcach a chinntiú a mbeidh toradh den scoth ag gabháil leis agus a chothaíonn muinín an phobail. Tá sé ceaptha go gcuideoidh na Cóid le forbairt an scothchleachtais i réimse na hearcaíochta agus na roghnóireachta.

Cuireann na Cóid creat solúbtha ar fáil atá bunaithe ar phrionsabail earcaíochta an Choimisiúin. Aithníonn siad go dteastaíonn solúbthacht ó shealbhóirí oifige chun déileáil ar bhonn éifeachtach éifeachtúil leis an raon leathan éagsúil ceapachán a dhéanann siad. Dá réir sin, cuireann na Cóid ar chumas sealbhóirí oifige straitéis a glacadh ar láimh agus próisis a fhorbairt d'fhonn na prionsabail a

chur i ngníomh go héifeachtach. Caithfidh gach ceapachán a dhéantar faoi gach Cód a bheith de réir na reachtaíochta fostaíochta agus comhionannais iomchuí freisin.

Déanann gach Cód an nós imeachta a leagan amach freisin i ndáil le hiarratais ar athbhreithniú agus le cásanna inar mhainnigh daoine aon fhoráil den chód sin a chomhlíonadh.

1.5 Cé'n uair a bhfuil feidhm ag an gCód seo?

Tá feidhm ag an gCód seo maidir le ceapacháin seachtracha chun poist mar Gharda faoi Oiliúint sa Gharda Síochána.

1.6 Struchtúr an Chóid seo

Mionsonraíonn an Cód Cleachtais seo bunphrionsabail an ionracais, an chomhionannais, na roghnóireachta fiúntasbhunaithe agus an scothchleachtais a ba chóir a chur chun feidhme maidir le gach próiseas earcaíochta. Forbraíodh an Cód seo a chéaduair sa bhliain 2004 agus rinneadh é a athbhreithniú agus a fheabhsú ina dhiaidh sin sa bhliain 2007 chun tuairimí ó shealbhóirí oifige agus ón bpobal i gcoitinne a chur i gcuntas. Is scáthán é an Cód ar an timpeallacht athraithreach sóisialta agus oibre, ar na riachtanais éagsúla gnó a leagann seo orthu san atá ag oibriú an Chóid, agus ar an ngá atá ann dá thoradh sin le haghaidh solúbthachta, faoi réir na bprionsabal, i gcleachtais earcaíochta. Tá príomhchorp an Chóid leagtha amach mar a leanas:

Alt 2: Mínithe agus léiriúcháin ar gach prionsabal den Chód i ndáil leis an bpróiseas ceapacháin.

Alt 3: Sonraí na slí ina n-oibríonn feidhm iniúchta an Choimisiúin.

Alt 4: Sonraí na freagrachta maidir leis na prionsabail a chur chun feidme.

Alt 5: Sonraí na n-oibleagáidí a chuirtear ar iarrthóirí.

Alt 6: Sonraí maidir le himscrúdaithe ag an gCoimisiún.

Alt 7: An nós imeachta le haghaidh gearáin a phróiseáil a dhéanfar chuig Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí maidir leis na gnéithe sin d'earcaíocht agus de roghnóireacht Gardaí faoi Oiliúint arna dtarchur chuig an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Alt 8: An nós imeachta le haghaidh gearáin a phróiseáil a dhéanfar chuig Coimisinéir an Gharda maidir le cinntí a bhaineann leis na gnéithe sin de cheapachán Gardaí faoi Oiliúint a dhéanann Coimisinéir an Gharda.

Alt 9: An nós imeachta le leanúint ag Coimisinéir an Gharda nó ag Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus ag an gCoimisiún le linn líomhaintí maidir le mainneachtain déanamh de réir an Chóid Chleachtais seo a athbhreithniú.

Alt 10: Sracléiriú ar fhreagrachtaí Aireachta.

Tá mínithe ar na téarmaí a úsáidtear sa Chód seo leagtha amach san aguisín.

1.7 Monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na gCód

Déantar foráil le h-alt 13 den Acht go bhféadfaidh an Coimisiún beartais agus cleachtais earcaíochta agus roghnóireachta a iniúchadh chun na caighdeáin arna mbunú ina Chóid Chleachtais a mheasúnú agus a shlánchoimeád.

Is meicníocht lárnach í an fheidhm iniúchta chun a chinntiú go gcloítear leis na prionsabail a leagtar amach i ngach Cód Cleachtais. Déantar cláir iniúchta a sheoladh go tréimhsiúil chun a fháil amach cén ciall atá á baint as na prionsabail nó conas atá na prionsabail á gcur i bhfeidhm. Féadfaidh iniúchtaí díriú ar shaincheisteanna freisin ar suim nó ar cás leis an gCoimisiún go háirithe iad (féach alt 3).

1.8 Comhairle bhreise

Tá fáil ar chomhairle agus eolas maidir leis an méid atá i gCóid Chleachtais an Choimisiúin ón Stiúrthóir ag Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, nó ó cibé oifigeach/oifigigh a ainmneoidh an Stiúrthóir.

PRIONSABAL 1

2.1 An tIonracas

Sprioc lárnach de chuid an Choimisiúin is ea caighdeáin inghlactha ionracais a chinntiú i ngach próiseas ceapacháin. Bíonn na príomhluachanna a shainmhíníonn an t-ionracas féin, mar atá, an iontaoibhe, an neamhchlaontacht, an chothroime, an iontaofacht agus an t-iompar eiticiúil, mar fho-thaca ag na prionsabail a leagann an Coimisiún síos sa Chód Cleachtais seo. Tá an Coimisiún meáite ar chultúr a chothú atá bunaithe ar luachanna na muiníne, na cothroime, na trédhearcachta agus an ómóis do chách, agus tá sé de rún aige a chinntiú, trína fheidhm iniúchta, go mbeidh na caighdeáin ionracais faoi réir dianmhaoirseachta leanúnaí. Ní mór do shealbhóirí oifige a bheith tiomanta do na luachanna seo agus ní foláir dóibh a áirithiú go ndéantar gach gné den phróiseas ceapacháin a bhainistiú go heiticiúil.

ALT 2
PRIONSABAIL NA hEARCAÍOCHTA

Ar shamplaí den phrionsabal seo i gcleachtas áirítear:

An Cód Cleachtais

- Téarmaí an Chóid Chleachtais seo agus aon treoirlínte eile a eiseoidh an Coimisiún a chomhlíonadh.

Ceadúnas earcaíochta

- Cloí le téarmaí agus coinníollacha an cheadúnais earcaíochta.

Rúndacht a urramú

- Caitheamh le hiarratais faoi rún daingean, faoi réir fhorálacha na n-Achtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003 agus aon fhorálacha eile atá aitheanta go soiléir sa doiciméadú atá foilsithe.

Ceanglais reachtaíochta

- An reachtaíocht iomchuí a chomhlíonadh lena n-áirítear an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004, an tAcht um Míchumas 2005, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, agus na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003.

PRIONSABAL 2

2.2 Ceapacháin déanta ar bhonn an fhiúntais

Ciallaíonn ceapachán ar bhonn an fhiúntais go gceaptar an té is fearr le haghaidh aon phoist áirithe trí phróiseas trédhearcach iomaíoch earcaíochta ina bhfuil baint dhíreach idir na critéir chun oiriúnacht iarrthóirí a mheas agus na cáilíochtaí, tréithe, agus scileanna a theastaíonn chun dualgas agus freagrachtaí an phoist a chomhall. Is é an toradh atá leis an gcur chuige seo maidir le déileáil le hiarratasóirí, ar cur chuige cothrom ceart ó bhonn é, ná gurb iad na daoine is fearr a oireann a gcuid inniúlachtaí, mianach, taithí agus cáilíochtaí do riachtanais na heagraíochta lena mbaineann iad na daoine a roghnaítear. Dá bhrí sin, tá an fiúntas ina bhunphrionsabal nach mór a bheith ina fho-thaca le gach cleachtas ceapacháin.

I gcaitheamh próisis fhiúntasbhunaithe ar bith, tá sé den riachtanas a chinntiú nach soláthraíonn an próiseas roghnóireachta féin buntáiste dochosanta d'iarrthóir aonair nó do ghrúpa iarrthóirí ar bith. Ba chóir don phróiseas roghnóireachta comhionannas comhdheiseanna dáiríre a ghabháil chuige, agus ba chóir go mbeadh seo ina dhlúthchuid de na próisis trína ndéantar ceapacháin.

ALT 2
PRIONSABAIL NA hEARCAÍOCHTA

Ar shamplaí den phrionsabal seo i gcleachtas áirítear:

Iarrthóirí a mhealladh

- Margaíocht shoiléir, bheacht, éifeachtach arna dearadh chun díriú isteach ar spriocbhuíon dhóchúil iarratasóirí cuí á cur in iúl go hoscailte chun go mbeidh comhdheis ar fáil do chách.
- Déanann modhanna margaíochta cinnte de gur ón linn is leithne den talann agus taithí atá ar fáil (agus iomchuí) a dhéantar an earcaíocht.
- Teacht a bheith ar dheiseanna ag gach iarratasóir dóchuil agus na deiseanna sin a bheith i bhformáid agus sna meáin chumarsáide sin a bhfuil teacht orthu ag daoine faoi mhíchumas.
- Ní dhéanfaidh na teicnící margaíochta aon ghrúpa áirithe sa tsochaí a eisiamh.

Sonraíochtaí/creat inniúlachta poist agus duine

- Déanann próifílí sonraíochtaí/creat inniúlachta poist na critéir iomchuí a shainaithint ar ina gcoinne is féidir iarrthóirí a mheas i gcaitheamh an phróisis roghnóireachta agus dlítear iad de réir na reachtaíochta iomchuí.
- Baineann sonraíochtaí duine go cruinn caoldíreach le dualgais an phoist.

An Próiseas roghnóireachta

- Próiseas roghnóireachta ardcháilíochta bunaithe ar na scileanna agus na cailíochtaí is iomchuí don phost.
- Tugtar aird ar shonraíochtaí poist agus duine/próifílí inniúlachta go leanúnach i gcaitheamh an phróisis roghnóireachta.
- Bíonn na critéir i dtaca le roghnóireacht bunaithe ar bhunriachtanais an phoist, agus prionsabal na gcomhdheiseanna á gcur chun cinn.
- Dírítear fócas gníomhach ar a chinntiú go ndéantar saincheisteanna dochracha a bhreithniú agus go dtugtar aghaidh orthu roimh thosach d'fheachtais earcaíochta.
- Déantar monatóireacht agus measúnú ar phróisis cheapacháin, agus faightear réitigh dhearfa le dul i ngleic le haon fhadhbanna a thiocfaidh chun cinn.
- Déantar cinntí soiléire maidir leis an gcur chuige lena nglacfar in aon fheachtas earcaíochta, agus tugtar léirbhreithniú ar dheiseanna agus/nó bearta chun comhdheiseanna a chur chun cinn (nó bacanna féideartha a thabhairt chun siúil), mar chuid de phróiseas roghnóireachta a phleanáil.

Meicníochtaí measúnachtas

- Éascaíonn meicníochtaí measúnachta an duine nó na daoine is fearr a oireann do riachtanais an phoist a aithint agus a roghnú.
- Breithnítear iarratais ar bhonn inniúlachtaí, cáilíochtaí agus oiriúnachta don phost atá i gceist.

ALT 2
PRIONSABAIL NA hEARCAÍOCHTA

Scagadh incháilitheachta

- Bíonn seiceálaithe leordhóthaineacha ann lena chinntiú go gcomhlíonann iarrthóir na ceanglais incháilitheachta sula ndéanfar ceapachán a thairiscint dó nó di.
- Ní mheasfar iarrthóirí a bheith incháilitheach lena cheapadh ach amháin iarrthóirí ar éirigh leo an próiseas roghnóireachta a chríochnú (lena n-áirítear déanamh de réir an Chóid Chleachtais seo).
- Beidh iarrthóirí nach gcomhlíonann na critéir incháilitheachta dícháilithe ón bpróiseas agus fógrófar dóibh dá réir.

Ceapacháin

- Tar éis próisis roghnóireachta iomaíoch fhiúntabhunaithe ina gcaitear go comhionann le gach iarrthóir ag gach céim is ea a dhéantar ceapacháin. Baineann fiúntas le hinniúlachtaí, taithí agus cáilíochtaí pearsana aonair is fearr a chomhlíonann riachtanaias an phoist áirithe.
- Cuirfear faisnéis ar fáil d'iarrthóirí i dtús báire ar an gcur chuige lena nglacfar chun an t-ord fiúntais a chinneadh.
- Déanfar na critéir, ar a dhéanfar breitheanna roghnóireachta, a shainaithint roimh ré.
- Is ar na cáilíochtaí, buanna agus scileanna is gá chun dualgais an phoist a ghlacadh ar láimh agus chun freagrachtaí an phoist a chomhlíonadh ar an gcaighdeán a theastaíonn, a bheidh na breitheanna bunaithe a dhéantar i gcaitheamh an phróisis roghnóireachta.
- Sa chéim dheiridh, cuirfear na hiarrthóirí a shroicheann an caighdeán is gá don phost in ord fiúntais agus breithneofar iad san ord sin lena gceapadh.

PRIONSABAL 3

2.3 Próiseas ceapacháin de réir scothchleachtais

Ní foláir do gach próiseas ceapacháin a bheith éifeachtúil, éifeachtach ó thaobh costais de, agus de réir scothchleachtais. Leathnaíonn an scothchleachtas chuig gach gné den phróiseas ceapacháin, lena n-áirítear sonraíochtaí poist agus duine a mhíniú, an follúntas a fhógairt agus meicníochtaí cuí measúnachta a roghnú. Anuas air sin áirítear ann soláthar oiliúna agus cabhrú le socruithe bainistíochta lena chinntiú go ndéantar taifid chuí a chruthú agus a chothabháil.

ALT 2
PRIONSABAIL NA hEARCAÍOCHTA

Ar shamplaí den phrionsabal seo i gcleachtas áirítear:

Critéir an phoist a chinneadh

- Níl na ceanglais sriantach thar an ngnáth agus léiríonn siad an méid is gá chun dualgais an phoist a chomhlíonadh. Níor cheart go sonrófaí ceanglais neamhriachtanacha, arbh é an toradh a d'fhéadfadh a bheith leo ná daoine faoi mhíchumais a eisiamh.
- Ní mheastar na critéir inmhianaithe, fiú má shainaithnítear iad, mar réamhriachtanas don phost.
- Bíonn na téarmaí agus coinníollacha, na critéir incháilitheachta agus úsáid na Gaeilge agus eolas uirthi comhaontaithe ón tús leis an Aire cuí, de réir riachtanas an phoist agus/ nó aon cheanglas reachtúla.

Oilteacht teanga

- Déantar foráil do chreidmheas breise a bhronnadh as ucht oilteachta i mBéarla agus sa Ghaeilge de réir pholasaí an Rialtais, de réir cheanglais an phoist agus/nó aon cheanglas reachtúil.

Sonraíochtaí poist agus duine

- Déantar an tsonraíocht phoist agus an tsonraíocht duine, arb iad bunchloch an phróisis roghnóireachta iad, a bhreithniú agus a fhormhuiniú ag leibhéal sinsearach cuí laistigh den eagraíocht fostaithe sula dtosaíonn an próiseas.
- Bíonn eilimintí substainteacha de na sonraíochta poist agus duine chun tosaigh go seasta le linn an phróisis roghnóireachta ar fad.
- Is comhartha í de cur chuige earcaíochta a bhfuil dian-mhacnamh déanta air, fócas láidir a bheith ann ar riachtanais an phoist agus ar na scileanna a theastaíonn.
- Glactar bearta cuí i ndáil le solúbthachtaí a úsáidfear d'fhonn nithe a éascú do dhaoine faoi mhíchumais.

Margaíocht

- Déantar sainbhbealaí margaíochta is cuí leis an bpost atá faoi chaibidil agus leis an linn iarratasóirí dóchúla a úsáid, mar aon le réasúnaíocht thacúil i leith an gcur chuige lenar nglactar.

An próiseas iarratais

- Déantar gach iarracht réasúnach próiseas iarratais a chur ar fáil a bhfuil rochtain air ag gach iarrthóir.

Doiciméadú

- Déantar doiciméadú cruinn, leordhóthaineach cuí a eisiúint d'iarrthóiri, lena n-áirítear faisnéis ar conas rochtain a fháil ar an gCód Cleachtais seo agus go mór mór, eolas a fháil maidir leis na nósanna imeachta athbhreithnithe ar tugadh sracléiriú orthu in ailt 7, 8 agus 9 den Chód seo.
- Coinnítear taifid lándoiciméadaithe, a thacaíonn le gach céim den phróiseas go glan soiléir, lena n-áirítear nótaí ar agallaimh.
- Tugann an doiciméadú atá ag tacú le céimeanna measúnachta an phróisis léargas ar na critéir roghnóireachta.

- Is féidir doiciméadú agus faisnéis maidir lena úsáid, ar doiciméadú é atá ar fáil lena iniúchadh ag an gCoimisiún, a ghlaoch aníos agus a fháil.
- Leagann doiciméadú amach, de réir cheanglas an Achta, na sainchritéir nach mór d'iarrthóirí a chomhlíonadh, i.e. ní mór dóibh:
  - an t-eolas agus an cumas a bheith acu dualgais an phoist lena mbaineann a chomhlíonadh
  - a bheith oiriúnach ar fhorais dea-cháile de
  - a bheith oiriúnach ar gach slí eile lena gceapadh chun an phoist lena mbaineann;

  agus má éiríonn leo, ní cheapfar chun an phoist iad mura rud é:
  - go n-aontaíonn siad na dualgais a ghabhann leis an bpost a ghlacadh ar láimh agus na coinníollacha a ghlacadh faoina gcomhalltar na dualgais nó faoina bhféadfar a cheangal iad a chomall
  - go bhfuil siad láninniúil agus ar fáil chun na dualgais a ghabhann leis an bpost a glacadh ar láimh, agus go bhfuil siad lánchumasach chun na dualgais sin a dhéanamh.

Meicníochtaí measúnachta

- Úsaidtear meicníochtaí measúnachta de réir an scothchleachtais.
- Bíonn próisis roghnóireachta cuí do na critéir roghnóireachta.
- Ina bhfo-thaca le próisis roghnóireachta bíonn sonraíochtaí éifeachtacha poist agus duine, arna scríobh go hoibiachtúil, a dhíríonn ar chuspóir an phoist, ar a phríomh-chuntasachtaí agus ar na scileanna riachtanacha a theastaíonn chun an post a chomhall go héifeachtach.
- Níl sa phróiseas roghnóireachta ach uirlisí agus teicnící roghnóireachta cuí-dheimhnithe.
- Má úsáidtear tástálacha scríofa mar chuid den phróiseas roghnóireachta, bíonn siad bainteach leis an bpost.
- Déantar gach iarracht réasúnach freastal ar iarrthóirí, agus ní chuirtear aon bhacanna nach gá ina mbealach.
- Cuirtear áiseanna agus trealamh méadaithe ar fáil de réir mar is gá chun go bhfeidmeoidh iarrthóirí ar a mbarr cumais.

Gearrliostú

- Baintear úsáid as córas cuí gearrliostaithe (má chleachtaítear gearrliostú).

Córais bhainistíochta and riarachán

- Tá córais éifeachtacha bhainistíochta i bhfeidhm.
- Tá rialúcháin i bhfeidhm lena chinntiú go nglacfar le próisis chuí agus go seachadtar an céanna.
- Tá bearta i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil beartais agus cleachtais de réir an Chóid Chleachtais.
- Déantar éifeachtacht próiseas measúnachta a athbhreithniú agus a mheasúnú go rialta.

ALT 2
PRIONSABAIL NA hEARCAÍOCHTA

Oiliúint

- Tuigeann na cleachtóirí roghnóireachta uilig a ról go hiomlán agus tá na scileanna acu is gá chun a fhreagrachtaí a urscaoileadh.
- Cuirtear oiliúint ar fáil ar bhonn tráthúil ar oiliúint í is cuí don sainphróiseas measúnachta atá á chur i bhfeidhm.
- Ní úsáideann ach pearsana aonair cáilithe na teicnící roghnaithe roghnóireachta, ar daoine iad a cuireadh oiliúint chuí orthu maidir lena riaradh, lena scóráil agus lena léiriú, agus atá cáilithe chun tástáil a roghnú a bheidh bailí chun chríche áirithe.
- Cuirtear oiliúint ar fáil maidir le feasacht faoi mhíchumas de réir mar is cuí.

Nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta

- Tá nósanna cuí imeachta i bhfeidhm chun cáilíocht an phróisis cheapacháin a dheimhniú.
- Déantar éifeachtacht próiseas roghnóireachta a athbhreithniú agus a mheasúnú go rialta.

PRIONSABAL 4

2.4 Próiseas cothrom ceapacháin á chur i bhfeidhm go comhsheasmhach

Tá an Coimisiún go hiomlán i gcoinne aon chineál idirdhealaithe dho-glactha nó mhídhleathaigh bíodh sé díreach nó neamhdhíreach, gníomhach nó neamhghníomhach. Maidir leis an bpróiseas lena nglactar agus leis an modh ina gcuirtear chun feidhme é, ní foláir é a glacadh ar láimh le fíor-thiomantas do chomhdheiseanna. Tá sé de dhualgas ar shealbhóirí oifige caitheamh go cothrom le hiarrthóirí, go dtí caighdeán comsheasmhach agus ar mhodh comhsheasmhach.

ALT 2
PRIONSABAIL NA hEARCAÍOCHTA

Ar shamplaí den phrionsabal seo i gcleachtas áirítear:

Sonraíochtaí poist agus duine

- Bíonn sonraíochtaí poist agus duine saor ó chlaontacht agus ó dhrochchleachtas.
- Bíonn léiriú ar na sonraíochtaí poist agus duine go leanúnach le linn an phróisis roghnóireachta.

Margaíocht

- Bíonn teacht ar na hábhair margaíochta agus na hábhair tachúla go léir, bíonn siad saor ó chlaontacht agus léiríonn siad, i gcás inar cuí sin, na sonraíochtaí poist agus duine agus an próiseas roghnóireachta a leanfar.
- Margaíocht shoiléir, bheacht, éifeachtach arna dearadh chun díriú isteach ar spriocbhuíon dhóchúil iarratasóirí cuí á cur in iúl go hoscailte chun go mbeidh comhdheis ar fáil do chách.
- Déanann modhanna margaíochta cinnte de gur ón linn is leithne den talann agus taithí atá ar fáil (agus iomchuí) a dhéantar an earcaíocht.
- Teacht a bheith ar dheiseanna ag gach iarrthóir dóchúil agus na deiseanna sin a bheith i bhformáid agus sna meáin chumarsáide sin a bhfuil teacht orthu ag daoine faoi mhíchumas.
- Ní dhéanann na teicnící margaíochta aon ghrúpa áirithe sa tsochaí a eisiamh.

Doiciméadú

- Comhlíonann an doiciméadú go léir agus úsáid doiciméad den sórt sin an reachtaíocht chuí fostaíochta, na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003, na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 agus reachtaíocht agus treoracha comhionannais.

Meicníochtaí measúnachta

- Comhlíonann uirlisí measúnachta ceanglais chothroime agus saoirse ó chlaontacht.

An próiseas roghnóireachta

- Bíonn na critéir gearrliostaithe bainteach leis an bpost agus cuirtear i bhfeidhm iad go comhsheasmhach i gcás gach iarrthóra.
- Tugtar aird réasúnach ar phrionsabail an chomhionannais le linn boird roghnóireachta a chur ar bun, más féidir, e.g. cuirtear ionadaíocht inscne i gcuntas.
- Bíonn córais i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go seolann na boird roghnóireachta an próiseas roghnóireachta ar mhodh cothrom comhsheasmhach.
- Soláthraítear gach cóiríocht chuí réasúnach d'iarrthóirí faoi mhíchumas agus ar an gcaoi sin cinntítear go mbíonn an deis acu a mbarr cumais a bhaint amach.

Socruithe bainistíochta

- Déantar athbhreithniú rialta ar éifeachtacht na bpróiseas measúnachta agus, más gá, déantar beart cuí orthu.

- Cuirtear socruithe cuí monatóireachta i bhfeidhm agus glactar le gníomhartha réitigh ina dhiaidh sin.
- Bíonn meicníochtaí i bheidhm chun aiseolas a bhailiú uathu siúd uilig a bhíonn páirteach sa phróiseas ceapacháin.
- Bíonn rialúcháin i bhfeidhm lena chinntiú gur próisis chuí iad na próisis lena nglactar agus a sheachadtar.

Oiliúint

- Bíonn socruithe i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go bhfuil oiliúint chuí ar fáil agus á seachadadh, lena n-áirítear oiliúint i bhfeasacht mhíchumais.
- Bíonn socruithe i bhfeidhm lena chinntiú go mbíonn na scileanna is gá ag gach rannpháirtí i bpróiseas ceapacháin agus go mbíonn faisnéis chuí maidir leis an bpróiseas curtha ar fáil dóibh.
- Soláthraítear oiliúint go dtí caighdeán cuí agus déantar í a uasdhátú de réir mar is gá.
- Cuimsíonn oiliúint struchtúr an phróisis agus an comhthéacs ceapacháin, lena n-áirítear an reachtaíocht reatha agus reachtaíocht atá ar na bacáin.
- Déantar monatóireacht agus measúnú ar éifeachtacht na hoiliúna agus déantar gníomhartha réitigh ar bhonn leanúnach ina dhiadh sin.

PRIONSABAL 5

2.5 Ceapacháin á ndéanamh ar mhodh oscailte, freagrach, trédhearcach

Méadaíonn muinín an iarrthóra de thoradh na trédhearcachta sa phróiseas ceapacháin agus na hoscailteachta a gcaitheann sealbhóirí ceadúnais le hiarrthóirí. Tá cumarsáid oscailte ghníomhach ar an bpróiseas agus ar an mbonn measúnachta riachtanach. Ba chóir fíorthiomantas a bheith ann i leith aiseolas fiúntach a sholáthar d'iarrthóirí óna bhfuil sin á iarraidh.

ALT 2
PRIONSABAIL NA hEARCAÍOCHTA

Ar shamplaí den phrionsabal seo i gcleachtas áirítear:

Margaíocht

- Bíonn teacht ar na hábhair margaíochta agus na hábhair tachúla ag gach iarrthóir.

An próiseas iarratais

- Déantar gach iarracht le próiseas iarratais atá inrochtana do gach iarrthóir a áirithiú.

Doiciméadú

- Tacaíonn an doiciméadú agus a úsáid leis an tiomantas atá ann d'aiseolas oscailte a thairiscint d'iarrthóirí.

Socruithe bainistíochta

- Bíonn socruithe i bhfeidhm chun cumarsáid éifeachtach leis an iarrthóir a chinntiú i gcaitheamh an phróisis cheapacháin.
- Ní bhíonn na próisis cheapacháin faoi réir moilleanna míchuí, agus déanfar aon chúiseanna moille a thaifeadadh.

An próiseas roghnóireachta

- Déanann na critéir roghnóireachta prionsabal na gcomhdheiseanna a chur chun cinn.
- Dírítear fócas gníomhach ar a chinntiú go mbreithneofar saincheisteanna dochracha agus go dtugtar aghaidh orthu roimh thosach d'feachtais earcaíochta.
- Déantar monatóireacht agus measúnú ar phróisis cheapacháin, agus úsáidtear tionscnaimh dhearfa le dul i ngleic le haon nithe a thagann chun cinn.
- Déantar cinntí soiléire maidir leis an gcur chuige lena nglacfar in aon fheachtas earcaíochta, agus tugtar léirbhreithniú ar dheiseanna agus/nó bearta chun comhionannas a chur chun cinn (nó bacanna féideartha a chur chun siúil), mar chuid de phróiseas roghnóireachta a phleanáil.

Boird roghnóireachta

- Bíonn córais i bhfeidhm lena chinntiú go seolann boird roghnóireachta an próiseas roghnóireachta ar mhodh oscailte trédhearcach.
- Bíonn aird ag comhaltaí de bhoird roghnóireachta ar a bhfeagrachtaí faoin reachtaíocht um shaoráil faisnéise, faoin reachtaíocht um chosaint sonraí agus faoin reachtaíocht um chomhionannais fostaíochta.
- Bíonn comhaltaí de bhoird roghnóireachta coinnithe chun dáta maidir le beartas feasachta um míchumas agus le beartas comhionannais.

Cumarsáid

- Tá gealladh ann do chumarsáid oscailte, tráthúil, éifeachtach le hiarrthóirí.
- Déileáltar le fiosrúcháin ar mhodh éifeachtach tráthúil.

ALT 2
PRIONSABAIL NA hEARCAÍOCHTA

Aiseolas

- Cuirtear aiseolas soiléir, sonrach, fóinteach ar fáil ar sin a iarraidh ag iarrthóirí.
- Bíonn córais éifeachtacha i bhfeidhm chun feidhm an aiseolais a bhainistiú.

Iarratais ar athbhreithnithe

- Déileáltar le hiarratais ar athbhreithniú ar chinneadh roghnóireachta ar mhodh éifeachtúil tráthúil agus de réir nósanna imeachta an Chóid.

Gearáin ag líomhnú sáraithe ar an gCód

- Déileáltar le líomhaintí i leith sáruithe ar an gCód Cleachtais ar mhodh éifeachtúil tráthúil agus de réir nósanna imeachta an Chóid.

Taifid a choinneáil

- Déantar gach céim de phróisis cheapacháin a dhoiciméadú.
- Coinnítear taifid/páipéir go ceann tréimhse réasúnaí agus ní dhéantar iad a dhiúscairt ansin ach amháin de réir théarmaí Acht na gClárlann Náisiúnta, 1986.

ALT 3
BEARTAIS AGUS CLEACHTAIS EARCAÍOCHTA A INIÚCHADH

3.1 An staid dhlíthiúil

Forálann alt 13(1)(c) den Acht go bhféadfaidh an Coimisiún nósanna imeachta a bhunú d'fhonn iniúchadh a dhéanamh ar an bpróiseas earcaíochta agus roghnóireachta.

3.2 Feidhm

3.2.1 Tá sé de chuspóir ag an bpróiseas iniúchta a chinntiú go ndéantar beartais agus cleachtais agus córais thacúla earcaíochta a dhearadh agus a oibriú de réir an Chóid Chleachtais. Féadfaidh iniúchtaí scrúdú a dhéanamh ar aon chuid den phróiseas ceapacháin agus féadfaidh siad díriú ar shealbhóirí aonair oifige. Féadfar iniúchtaí a dhéanamh freisin ar bhonn téama thar na sealbhóirí oifige go léir. Féadfaidh athbhreithniú ar chláir aonair earcaíochta a bheith ina chuid de scrúdúchán iniúchta.

3.2.2 Is meicníocht lárnach í an fheidhm iniúchta a chuireann ar a chumas don Choimisiún caighdeán a shlánchoimeád. Tá sé de chuspóir aige go gcloífear leis na bunphrionsabail arna leagan amach sa Chód Cleachtais agus, más iomchuí sin, go n-oibreoidh an sealbhóir oifige an ceadúnas earcaíochta de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha arna leagan síos ag an gCoimisiún.

3.3 Nósanna imeachta iniúchta

3.3.1 Ní mór do shealbhóiri oifige comhoibriú go hiomlán le gach iniúchadh ag an gCoimisiún nó thar a cheann. Tabharfar faoi iniúchtaí ar mhodh gairmiúil, de mheon an fheabhais, agus leis an aidhm go roinnfí eolas agus scothchleachtas in ionad a bheith ag díríú ar an gcomhlíonadh amháin.

3.3.2 Fógrófar roimh ré go bhfuiltear ag brath ar iniúchadh a dhéanamh. Tabharfaidh sin dóthain ama chun an doiciméadú agus na staitisticí riachtanacha go léir a ullmhú agus tabharfaidh sé deis an athbhreithniú a dhéanamh lena laghad cur isteach agus is féidir.

3.3.3 Seolfar iniúchtaí ar mhodh éifeachtúil agus beidh céimeanna an iniúchta leagtha amach go soiléir roimh ré.

3.3.4 Ag deireadh aon iniúchta pléifear na fionnachtana leis an gcomhlacht faoi iniúchadh sula gcuirfear tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin. Tabharfar caoi dóibh siúd atá faoi réir iniúchta ar a gcuid tuairimí a thabhairt ar thuarascálacha iniúchta ó thaobh chruinneas fíorasach na nithe sa tuarascáil sula gcuirtear bailchríoch ar na tuarascálacha sin.

ALT 3
BEARTAIS AGUS CLEACHTAIS EARCAÍOCHTA A INIÚCHADH

3.3.5 I gcás go sonraíonn iniúchadh easnaimh i réimse áirithe earcaíochta, i mbeartas earcaíochta nó i gcleachtas earcaíochta, déanfar moltaí d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an locht. Is ar chúnamh agus tacaíocht a thabhairt a bheidh an bhéim.

3.3.6 Le linn don Choimisiún iniúchtaí a dhéanamh, is é mandáid an choimisiúin a chinntiú:

- Gur de réir an Chóid Chleachtais a n-oibrítear próisis cheapacháin.
- Nach ligtear aon scód le patrúntacht a imirt.
- Go mbíonn treoracha agus moltaí na sealbhóirí oifige, lena n-áirítear (i gcás sealbhóirí ceadúnais) treoir maidir le gníomhaireachtaí liostaithe earcaíochta a úsáid, i gcomhréir le spiorad agus le mionsonraí an Chóid Chleachtais.
- Go dtuigeann gach duine acu sin atá freagrach as próisis cheapacháin a eagrú ceanglais an Choimisiúin.
- Go bhfuil siadsan a bheas ag fónamh ar bhoird roghnóireachta tar éis dul faoi oiliúint, arna cur ar fáil in am tráth, ar oiliúint í atá oiriúnach don phróiseas sonrach measúnachta atá á chur i bhfeidhm, nó go bhfuil dóthain taithí agallóireachta ag leibhéal cuí acu cheana.
- Gur daoine atá cáilithe go cuí agus a bhfuil an oiliúint cheart curtha orthu iad na daoine a bhíonn i mbun riaradh na dteicnící roghnóireachta.
- Go ndéantar beart chun aon chásanna a chur ina gceart ina bhfuarthas amach trí mhonatóireacht inmheánach nár leanadh den Chód Cleachtais, agus go mbíonn aon fhorbairtí nua i mbeartas nó i gcleachtas earcaíochta, próisis nua roghnóireachta mar shampla, de réir an Chóid.

3.4 Foilsiú na dtuarascálacha

3.4.1 Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ar thoradh gach iniúchta ar a shúiomh idirlín: www.cpsa-online.ie Foilseoidh an Coimisiún cuntas ar a chuid gníomhaíochtaí iniúchta ina thuarascáil bhliantúil freisin.

ALT 4
FREAGRACHT AS NA PRIONSABAIL EARCAÍOCHTA A CHUR I bhFEIDHM

4.1 Freagracht as na prionsabail a chur i bhfeidhm

4.1.1 Is ar Choimisinéir an Gharda atá an fhreagracht agus an chuntasacht maidir le ceapacháin. D'fhonn ionracas an chórais cheapacháin a choimeád, bíonn Coimisinéir an Gharda freagrach as a chinntiú don Choimisiún go ndéanfar téarmaí agus coinníollacha an cheadúnais earcaíochta, an Chóid Chleachtais seo agus aon treoirlínte eile arna n-eisiúint ag an gCoimisiún a chomhlíonadh go hiomlán.

4.1.2 Féadfaidh Coimisinéir an Gharda tasc na hearcaíochta ar fad nó cuid den tasc sin a tharchur chuig an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. I gcás go ndéantar tarchur den sort sin, is é Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí seachas Coimisinéir an Gharda a bheidh freagrach, go feadh mhéid an tarchurtha, as cloí le téarmaí agus coinníollacha an cheadúnais earcaíochta, an Chóid Chleachtais seo agus aon treoirlínte eile arna n-eisiúint ag an gCoimisiún.

4.1.3 Féadfaidh Coimisinéir an Gharda cúnamh a lorg ó ghníomhaireachtaí earcaíochta liostaithe (sonraí ar fáil ón gCoimisiún) i leith cuid de na tascanna a ghabhann le roghnóireacht faoin gceadúnas earcaíochta a shealbhaíonn sé. Ina ainneoin seo, is ar Choimisinéir an Gharda Síochána, agus air sin amháin, a bheidh an fhreagracht as an roghnóireacht deiridh d'iarrthóirí lena gceapadh agus as iarrthóirí a chur ar phainéal lena gceapadh. I gcás go bhfaighfear cúnamh ó ghníomhaireacht earcaíochta liostaithe, fanfaidh sé mar dhualgas ar an gCoimisinéir a chinntiú go gcomhlíonfaidh an ghníomhaireacht téarmaí agus coinníollacha an cheadúnais earcaíochta, an Chóid Chleachtais seo agus aon treoirlínte eile arna n-eisiúint ag an gCoimisiún.

4.2 Cuntas a thabhairt ar chinntí earcaíochta

Beidh sé de dhíth orthu san atá freagrach as próisis earcaíochta agus roghnóireachta a bheith ábalta a léiriú gur chomlíon siad prionsabail earcaíochta an Choimisiúin. Dá réir sin:

- Ba cheart go mbeadh gach cinneadh ar an gcur chuige lenar glacadh in aon phróiseas earcaíochta soiléir so-fheicthe.
- Ba chóir go mbeadh próisis earcaíochta doiciméadaithe go hiomlán agus go mbeadh córais agus socruithe bainistíochta éifeachtacha (lena n-áirítear bainistíocht doiciméad) i bhfeidhm.
- Bá chóir go ndéanfaidís siúd atá freagrach as cúrsaí earcaíochta monatóireacht agus measúnú ar a gcuid próiseas agus go ndéanfaidís bearta dearfa le tabhairt faoi aon nithe a thagann aníos.

ALT 4

FREAGRACHT AS NA PRIONSABAIL EARCAÍOCHTA A CHUR I bhFEIDHM

- Bá cheart tafid/páipéir a bhainistiú de réir théarmaí Acht na gClárlann Náisiúnta, 1986 (féach freisin alt 2.5 den Chód seo).
- Ba cheart go mbeadh sealbhóirí oifige – agus sa deireadh thiar an Coimisiún – deimhin de go raibh próisis cheapacháin seolta go cuí.

ALT 5
FREAGRACHT IARRTHÓIRÍ

5.1 Canbhasáil

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndílcháileofar duine de thoradh canbhasála agus go ndéanfar iad a eisiamh ón bpróiseas ceapacháin dá dheasca.

5.2 Oibleagáidí iarrthóirí

Ní ceadmhach d'iarrthóirí sa phróiseas earcaíochta:

- Eolas bréagach a chur ar fáil go feasach nó go meargánta
- Aon duine a chanbhasáil, le hasluithe nó dá n-uireasa
- Cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó cur as dó.

Ní ceadmhach do thriú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon chéim den phróiseas.

5.3 Pionóis i leith mainneachtana comhlíonta

5.3.1 Aon duine a sháróidh na forálacha thuas, nó a chuideoidh le duine eile na forálacha thuas a shárú, beidh an duine sin ciontach i gcion. Dlífear fíneáil agus/nó príosúnacht ar dhuine a gheofar ciontach i gcion.

5.3.2 Más iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion den sórt sin, ansin:

- Sa chás nach bhfuil sé/sí ceaptha chun poist, dícháileofar é/í mar iarrthóir.
- Sa chás go bhfuil sé/sí ceaptha de thoradh an phróisis earcaíochta sin, forghéillfidh sé/sí an ceapachán sin.

ALT 6
CUR ISTEACH AR AN bPRÓISEAS EARCAÍOCHTA

Más rud é go bhfuil an Coimisiún den tuairim go mb'fhéidir gur cuireadh isteach ar phróiseas ceapacháin nó go ndearnadh iarracht cur isteach air amhlaidh, féadfaidh sé an ní a imscrúdú nó a chur faoi deara a imscrúdaithe ag duine a bheidh údaraithe thar a cheann. Dá réir sin:

- Tá sé de dhualgas ar Choimisinéir an Gharda Síochána a chur in iúl don Choimisiún faoi aon chur isteach nó aon iarracht ar chur isteach ar an bpróiseas.
- I gás go mbeidh próiseas iomlán nó cuid de phróiseas a thagann faoi réim an Chóid Chleachtais seo tarchurtha don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, tá sé de dhualgas ar Phríomhfheidhmeannach na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a chur in iúl don Choimisiún faoi aon chur isteach nó aon iarracht ar chur isteach ar an bpróiseas.
- Tá sé de dhualgas ar ghníomhaireacht earcaíochta liostaithe a chur in iúl do Choimisinéir an Gharda Síochána faoi aon chur isteach nó aon iarracht ar chur isteach ar an bpróiseas.
- Aon duine a gheofar ciontach i gcion dlífear fíneáil nó príosúnacht nó iad araon a chur ar an duine sin.

FORLÉARGAS AR NÓSANNA IMEACHTA ATHBHREITHNITHE/ ACHOMHARC

Tá ról reachtúil ag an gCoimisiún chun nósanna imeachta a bhunú agus a leagan síos d'fhonn tabhairt faoi iarrataí ar athbhreithnithe ó iarrthóirí agus ar ghearáin ó iarrthóirí i ndáil le próiseas ceapacháin.

Tá trí nós imeachta ar leithligh ann agus tá siad comheisiatach

- Alt 7 Leagann an t-alt seo amach an modh cruinn inar cheart d'iarrthóir iarraidh a dhéanamh ar athbhreithniú ar chinneadh i leith na ngnéithe sin den phróiseas ceapacháin a bheidh tarchurtha chuig an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ag Coimisinéir an Gharda chomh maith leis an modh inar cheart go ndéileálfaí leis an iarraidh ó thráth a dhéanta.

  Bíonn feidhm ag nósanna imeachta athbhreitnithe alt 7 i gcásanna ina mbíonn iarrthóir míshásta le gníomh nó le cinneadh maidir lena iarrthóireacht nó lena hiarrthóirteacht agus inar mian leis/léi go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcinneadh sin, in imthosca nach gcreideann an t-iarrthóir, cé gur míshásta é nó í leis an ngníomh nó leis an gcinneadh, go ndearnadh sárú ar an gCód Cleachtais. Is é an sealbhóir oifige a sheolann athbhreithniú alt 7, nó seoltar thar a cheann é. Ní bhíonn ról ar bith ag an gCoimisiún i bpróiseas athbhreithnithe faoin alt seo.

- Alt 8 Luann an t-alt seo an modh cruinn inar cheart go ndéileálfaí le hiarraidh ar athbhreithniú ar chinneadh a dhéantar i ndáil leis na gnéithe sin den phróiseas ceapacháin a sheolann Coimisinéir an Gharda.

  Bíonn feidhm ag nósanna imeachta athbhreithnithe alt 8 i gcásanna ina mbíonn iarrthóir míshásta le gníomh nó le cinneadh a rinne Coimisinéir an Gharda i ndáil lena (h)iarrthóireacht le haghaidh ceapacháin chun poist mar Gharda faoi Oiliúint agus inar mian leis nó léi go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcinneadh sin. Is é Coimisinéir an Gharda a sheolfaidh athbhreithniú alt 9 nó seolfar thar a cheann é. Níl ról ar bit ag an gCoimisiún i bpróiseas athbhreithnithe a sheolfar faoin alt seo.

- Alt 9 Leagann alt 9 amach an modh cruinn inar cheart d'iarrthóir líomhain a dhéanamh maidir le sárú ar an gCód Cleachtais, chomh maith leis an modh inar cheart go ndéileálfaí leis an ngearán ó thráth a dhéanta.

  Bíonn feidhm ag nósanna imeachta alt 9 i gcásanna ina gcreideann iarrthóir gur sáraíodh Cód Cleachtais an Choimisiúin. Ba chóir líomhaintí maidir le sáruithe den sórt sin a dhíriú ar an sealbhóir ceadúnais iomchuí (Coimisinéir an Gharda nó Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí) sa chéad ásc. Má bhíonn iarrthóir míshásta le toradh athbhreithniú an tsealbhóra cheadúnais, féadfaidh an t-iarrthóir a iarraidh ar an gCoimisiún ansin scrúdú a dhéanamh ar an sárú líomhnaithe.

Ba cheart d'aon iarrthóir atá ag lorg aiseolais maidir lena iarrthóireacht nó lena hiarrhóireacht an t-aiseolas sin a fháil ón sealbhóir oifige atá i bhfeighil an phróisis earcaíochta agus ní gá aon cheann de na nósanna imeachta dá dtagraítear

FORLÉARGAS AR NÓSANNA IMEACHTA ATHBHREITHNITHE/ ACHOMHARC

thuas a thabhairt isteach sa scéal. Táthar ag súil go ndéanfaidh sealbhóir oifige bainistiú ar aiseolas den sórt sin mar ghláthchuid den phróiseas ceapacháin.

Sula gcuireann iarrthoirí iarraidh isteach ar athbhreithniú, ba cheart dóibh a chinneadh cé acu nós imeachta is cuí lena n-imthosca áirithe. Cuirtear comhairle ar shealbhóiri ceadúnais, a bheith deimhin de, a mhéid is féidir, agus iarraidh ar athbhreithniú á glacadh acu, gurb é an nós imeachta cuí atá á iarraidh ag an ngearánaí.

Lamhálann na nósanna imeachta do nithe a réiteach ar bhonn neamhfhoirmiúil agus molann an Coimisiún gur cheart don sealbhóir oifige, faoi réir chomhaontú an iarrthóra, gach iarracht a dhéanamh, más féidir, úsáid a bhaint as an bpróiseas neamhfhoirmiúil sula mbaineann sé úsáid as na nósanna imeachta foirmiúla.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, i gcás go ndéantar athbhreithniú ar phróiseas roghnóireachta faoi alt 7 nó 8, de réir mar is cuí, nach féidir le gearánaí athbhreithniú thairis sin a lorg ansin, i leith an ní chéanna, faoi alt 9, ach amhaín in imthosca eisceachtúla, de réir mar a chinnfidh an Coimisiún dá lánrogha féin.

Tá nósanna imeachta athbhreithnithe ailt 7, 8 agus 9 leagtha amach go mion ar leathanaigh 33 go 41.

ALT 7
NÓSANNA IMEACHTA ATHBHREITHNITHE I LEITH NA nGNÉITHE SIN DEN PHRÓISEAS EARCAÍOCHTA AGUS ROGHNÓIREACHTA ARNA dTARCHUR AG COIMISINÉIR AN GHARDA CHUIG AN tSEIRBHÍS UM CHEAPACHÁIN PHOIBLÍ

Eolas ginearálta

7.1 Bíonn feidhm ag na nósanna imeachta nua arna mbunú agus arna leagan síos san alt seo (alt 7) i gcásanna inar mian le hiarrthóir go ndéanfaí athbhreithniú ar ghníomh nó ar chinneadh a rinneadh i ndáil lena chás nó lena cás. Tá na nósanna imeachta agus na caighdeáin atá le leanúint ag an ngearánaí agus ag Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí maidir le hiarrataí ar athbhreithnithe a láimhsiú leagtha amach thíos.

7.2 Amhail a dhéantar i gcás na bpróiseas earcaíochta féin, go feadh réasúnach, ba cheart do gach comhlacht atá ag déileáil le hiarrataí ar athbhreithnithe, ar iarrataí a dhéantar faoin alt seo iad, nósanna imeachta comthrom a chur i bhfeidhm.

7.3 Níl aon chumhacht ag an gCoimisiún gearáin ó iarrthóirí nach mbaineann le sáruithe ar an gCód Cleachtais a imscrúdú.

7.4 Tá sé den riachtanas don Phríomhfheidhmeannach córais éifeachtacha a bheith i bhfeidhm aige chun déileáil le hiarrataí ar athbhreithniú. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach taifead iomlán a choinneáil ar an gcomhfhreagras go léir agus ar aon doiciméadú iomchuí, de leithéid miontuairiscí cruinnithe, taifid ar ríomhphoist agus nótaí ar chomhráití teileafóin, i ndáil le gach iarrthóir a thagann chun cinn le haghaidh measúnaithe d'aon sórt, cibé acu an éiríonn leis nó nach ea.

7.5 Ba chóir don Phríomhfheidhmeannach eadránaí cinnidh a cheapadh (duine ar leibhéal sinsearach, gan cheangal leis an bpróiseas roghnóireachta) a bhreithneoidh iarrataí ar athbhreithithe i gcásanna ina mbíonn iarrthóir míshásta le toradh an athbhreithnithe thosaigh. Féadfaidh an Príomhfheidhmeannach eadránaí cinnidh seachtrach cuícháilithe a cheapadh más mian leis/léi.

7.6 Tá dhá chéim sa nós imeachta athbhreithnithe. Is éard atá sa chéad chéim, athbhreithniú ag duine sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí dá ngairtear "an t-athbhreithnitheoir tosaigh". Má bhíonn iarrthóir fós míshásta tar éis an athbhreithnithe thosaigh seo, féadfaidh sé/sí a lorg go ndéanfaidh "eadránaí cinnidh" scrúdú ar sheoladh an chéad athbhreithnithe.

Mar mhalairt air sin thuas, tá sé de rogha ag an iarrthóir a lorg go réiteofaí an ní ar bhonn neamhfhoirmiúil, mar a leagtar amach thíos. Má bhíonn iarrthóir fós míshásta tar éis aon phlé den sórt sin bíonn sé de rogha aige/aice athbhreithniú foirmiúil a lorg.

Próiseas neamhfhoirmiúil

7.7 Nuair a fhaightear iarraidh ar athbhreithniú ar chinneadh roghnóireachta ó iarrthóir, molann an Coimisiún go ndéanfaidh an Príomhfheidhmeannach gach iarracht, faoi réir chomhaontú an iarrthóra, an ní a réiteach ar bhonn neamhfhoirmiúil roimh dhul i muinín na nósanna imeachta foirmiúla a leagtar amach thíos. Má bhíonn an t-iarrthóir fós

ALT 7

NÓSANNA IMEACHTA ATHBHREITHNITHE I LEITH NA nGNÉITHE SIN DEN PHRÓISEAS EARCAÍOCHTA AGUS ROGHNÓIREACHTA ARNA dTARCHUR AG COIMISINÉIR AN GHARDA CHUIG AN tSEIRBHÍS UM CHEAPACHÁIN PHOIBLÍ

míshásta tar éis aon phlé den sórt sin, nó más rud é nach mian leis go ndéileálfar go neamhfhoirmiúil leis an ní, ansin, féadfaidh sé/sí dul i muinín na nósanna imeachta foirmiúla de réir na nósanna imeachta a leagtar amach thíos.

7.8 Féadfar úsáid a bhaint as an bpróiseas neamhfhoirmiúil laistigh de 5 lá oibre ón tráth a fógraíodh an cinneadh tosaigh, agus ó cheart tharlódh sé de ghnáth idir an t-iarrthóir agus an duine a chuir an cinneadh in iúl (nó cibe duine eile ag gníomhú thar ceann an Phríomhfheidhmeannaigh de réir mar is cuí, ag brath ar na himthosca).

7.9 Maidir leis an gcinneadh atá á chur in iúl, i gcás go mbaineann sé le céim eatramhach de phróiseas roghnóireachta, ní mór an iarraidh ar athbhreithniú neamhfhoirmiúil a bheith faighte laistigh de 2 lá oibre ó dháta fála an chinnidh.

7.10 Ní mór don Phríomhfheidhmeannach an t-athbhreithniú neamhfhoirmiúil a dhéanamh gan mhoill agus laistigh de thréimhse ama a chuireann ar a chumas don iarrthóir úsáid a bhaint as na nósanna imeachta foirmiúla laistigh de na tráthlínte sonraithe dá mba mhian leis/léi amhlaidh.

7.11 Má bhíonn iarrthóir fós míshásta tar éis plé neamhfhoirmiúil den sórt sin, féadfaidh sé/sí dul i muinín na nósanna imeachta foirmiúla a leagtar amach thíos. Más mian leis an iarrthóir go ndéileálfar leis an ní trí athhbhreithniú foirmiúil, ní mór dó/di déanamh amhlaidh laistigh de 2 lá oibre ón tráth a fhógrófar toradh an athbhreithnithe neamhfhoirmiúil.

An próiseas foirmiúil: An t-athbhreithniú tosaigh

Tá leagtha amach anseo thíos na nósanna imeachta agus na caigdeáin atá le leanacht ag an ngearánaí agus ag an bPríomhfheidhmeannach le linn iarrataí ar athbhreithniú a láimhsiú.

7.12 Ní mór don iarrthóir na nithe is cás leis/léi i ndáil leis an bpróiseas a dhíriú i scríbhinn chuig an sealbhóir oifige, ag leagan amach na ngnéithe sin den ghníomh nó den chinneadh i ndáil lena (h)iarrthóirtheacht ar mian leis/léi a theacht faoi athbhreithniu.

7.13 Ní mór iarraidh ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de 10 lá oibre ón tráth a fógraíodh an cinneadh tosaidh. I gcás go mbaineann an cinneadh le céim eatramhach de phróiseas roghnóireachta, ní mór an iarraidh ar athbhreithniú a bheith faighte laistigh de 4 lá oibre. Tá an méid seo riachtanach lena chinntiú go seachnaítear moilleanna sa phróiseas earcaíochta.

7.14 Ní thabharfar aon fhadú ar na teorainneacha ama seo ach amháin sna himthosca is eisceachtúla agus sin de rogha an Phríomhfheidhmeannaigh amháin.

7.15 An nós imeachta athbhreithnithe:

- Ar iarraidh ar athreithniú a fháil, ba chóir don Phríomhfheidhmeannach admháil a eisiúint laistgh de 3 lá oibre.
- Ba chóir go n-athbhreithneodh duine an cás nach pearsa aonair atá bainteach go díreach leis an gcinneadh lena mbaineann.

- Ba chóir don duine nó do na daoine a bheidh ag seoladh an athbhreithnithe thosaigh (an "t-athbhreithnitheoir tosaigh"/na "hathbhreithnitheoirí tosaigh") aon aigneachtaí scríofa a dhéanfaidh an t-iarrthóir agus gach eolas iomchuí eile a bhreithniú, lena n-áirítear aon ríomhphoist, nótaí nó meamraim atá ar seilbh ag an bPríomhfheidhmeannach i leith an phróisis roghnóireachta. Más gá sin, ba cheart go mbuailfeadh an t-athbhreithnitheoir tosaigh le pearsanra na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí sa phróiseas roghnóireachta agus/nó leis an iarrthóir, d'fhonn aon eolas breise a fháil amach. Faoi réir aon srianta reachtúla (nó srianta eile iomchuí) ar nochtadh, soláthróidh an t-athbhreithnitheoir tosaigh don iarrthóir aon nótaí nó meamraim atá ábhartha iomchuí agus a bheidh ar seibh ag pearsanra na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí i leith an phróisis roghnóireachta, ar sin a iarraidh.
- Go ginearálta, ní mór an toradh a fhógairt don iarrthóir laistigh de 20 lá oibre ón ngearán nó ón iarraidh ar athbhreithniú a fháil. I gcás nach ligeann an t-imscrúdú cinneadh a thabhairt laistigh den chreat ama sin, ní mór don athbhreithnitheoir tosaigh an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas faoi stádas an athbhreithnithe agus faoi na cúiseanna leis an moill.
- Le linn dó nó di an toradh a chur in iúl don iarrthóir, rúd a dhéantar trí thuarascáil scríofa, ba chóir don athbhreithnitheoir tosaigh a chur in iúl gur féidir leis an iarrthóir athbhreithniú a bheith aige nó aici ar thoradh an athbhreithnithe thosaigh tríd an ní a tharchur chuig an eadránaí cinnidh. Ní mór don athbhreithnitheoir tosaigh a lua thairis sin nach mór iarraidh chun déanamh amhlaidh a dhéanamh laistigh de 7 lá oibre ó thoradh an athbhreithnithe thosaigh a fháil.

Athbhreithniú ag an eadránaí cinnidh

7.16 Má bhíonn iarrthóir míshásta le toradh an athbhreithnithe thosaigh, féadfaidh sé/sí athbhreithniú ag eadránaí cinnidh ar sheoladh an athbhreithnithe thosaigh a iarraidh.

7.17 Is é ról an eadránaí chinnidh a mheas cibé acu an de réir nósanna imeachta cuí nó nach ea a seoladh an t-athbhreithniú tosaigh.

7.18 Is cinneadh críochnaitheach cinneadh an eadránaí chinnidh i ndáil le nithe den sórt sin.

7.19 Ní mór iarraidh a dhéanfar chuig an eadránaí cinnidh a bheith faighte laistigh de 7 lá oibre ó fógraíodh toradh an athbhreithnithe thosaigh.

7.20 An nós imeachta athbhreithnithe:

- Ar an iarraidh ar athbhreithniú a fháil, ba chóir don eadránaí cinnidh admháil a eisiúint laistigh de 3 lá oibre.
- Ní mór toradh an imscrúdaithe a chur in iúl don iarrthóir i bhfoirm tuarascála scríofa laistigh de 10 lá oibre.
- Is cinneadh críochnaitheach cinneadh an eadránaí chinnidh i ndáil le nithe den sort sin. Déanfaidh an t-eadránaí cinnidh a chinneadh nó a cinneadh ar bhonn aon eolais scríofa a bheidh ar fáil i leith an ní, nó aon aighneachtaí scríofa a rinneadh, agus go ginearálta ní sheolfaidh sé nó sí agallaimh cé gur fédir leis nó léi sin a dhéanamh más dlite sin le cúinsí áirithe cásanna aonair.

ALT 7

NÓSANNA IMEACHTA ATHBHREITHNITHE I LEITH NA nGNÉITHE SIN DEN PHRÓISEAS EARCAÍOCHTA AGUS ROGHNÓIREACHTA ARNA dTARCHUR AG COIMISINÉIR AN GHARDA CHUIG AN tSEIRBHÍS UM CHEAPACHÁIN PHOIBLÍ

7.21 I gcás ina ndearnadh athbhreithniú ar phróiseas earcaíochta/roghnóireachta faoin alt seo 7, ní féidir le gearánaí athbhreithniú thairis sin a lorg ar an ní céanna faoi alt 9 seachas sna himthosca is eisceachtúla (ar imthosca iad a chinnfidh an Coimisiún dá rogha féin amháin).

ALT 8

IARRATAÍ AR ATHBHREITHNITHE AR CHINNTÍ A RINNEADH I nDÁIL LEIS NA nGNÉITHE SIN DEN PHRÓISEAS CEAPACHÁIN Á SEOLADH AG COIMISINÉIR AN GHARDA

8.1 Aithníonn an Coimisiún go bhfuil Coimisiniéir an Gharda freagrach as cinntí a dhéanamh i ndáil le hiarrthóirí a cheapadh go críochnaitheach mar Ghardaí faoi Oiliúint (dá dtagraíonn Alt 5 (2) de Rialacháin an Gharda Síochána (Ligean Isteach agus Ceapacháin) 1988. Tá an Coimisiún tar éis na nósanna imeachta athbhreithnithe seo a leanas a bhunú dá réir, nach bhfuil feidhm acu ach amháin i gcás cinntí den sórt sin arna ndéanamh ag Coimisinéir an Gharda.

8.2 Nuair a fhaightear gearán ó iarrthóir maidir le cinneadh a rinne Coimisinéir an Gharda i ndáil lena cheapadh nó a ceapadh mar Gharda faoi Oiliúint, molann an Coimisiún go ndéanfaidh an Coimisinéir gach iarracht, faoi réir chomhaontú an iarrthóra, an ní a réiteach ar bhonn neamhfhoirmiúil sula mbaintear úsáid as na nósanna imeachta foirmiúla a leagtar amach thíos. Má bhíonn an t-iarrthóir fós míshásta tar éis aon phlé den sórt sin, ansin féadfaidh sé/sí glacadh leis an nós imeachta foirmiúil atá leagtha amach thíos. Ní mór úsáid a bhaint as an bpróiseas neamhfhoirmiúil laistigh de 5 lá oibre ó fhógairt an chinnidh thosaigh agus de ghnáth ba chóir go dtarlódh an próiseas neamhfhoirmiúil idir an t-iarrthóir agus ainmnitheach Choimisinéir an Gharda a chuir an cinneadh in iúl, nó cibé ainmnitheach eile de chuid an Choimisinéara, de réir mar is cuí, ag brath ar na himthosca.

8.3 Cuireann an próiseas athbhreithnithe ar a gcumas d'iarrthóirí athbhreithniú ar ghníomh nó ar chinneadh a rinneadh i ndáil leis an bpróiseas roghnóireachta a lorg.

8.4 Amhail a bhíonn sé i gcás na bpróiseas earcaíochta féin, ba chóir do gach comhlacht atá ag déileáil le gearáin agus le hiarrataí ar athbhreithnithe nósanna imeachta cothrom a chur i bhfeidhm.

8.5 Níl aon údarás ag an gCoimisiún gearáin a imscrúdú a bhaineann le neamh-roghnú nó neamh-cheapadh murar dealraitheach gur sháraigh an próiseas roghnóireachta Cód Cleachtais (féach alt 9).

8.6 Tá sé den riachtanas go mbíonn córais éifeachtacha i bhfeidhm ag Coimisinéir an Gharda chun déileáil le gearáin. Ní mór don Choimisinéir taifid iomlán a choinneáil ar an gcomhfhreagras go léir agus ar aon doiciméadú iomchuí, de leithéid miontuairiscí cruinnithe, taifid ar ríomhphoist agus nótaí ar chomhráití teileafóin, i ndáil le gach iarrthóir a thagann chun cinn le haghaidh agallaimh nó measúnaithe d'aon sórt eile, cibé acu an éiríonn leis nó nach ea.

8.7 Ní mór iarrthóirí a chur ar an eolas nach ndéileálfaidh Coimisinéir an Gharda ach amháin le hiarrataí ar athbhreithniú a fhaightear laistigh de 10 lá oibre ón tráth a fógraíodh an cinneadh. I gcás gur le céim eatramhach de phróiseas roghnóireachta a bhaineann an cinneadh atá á chur in iúl, ba chóir go gcuirfi in iúl don iarrthóir nach mór an iarraidh ar athbhreithniú a fháil laistigh de 3 lá oibre. Tá gá leis seo lena chinntiú go seachnaítear moilleanna sa phróiseas earcaíochta. Ní thabharfar aon fhadú ar na teorainneacha ama seo ach sna himthosca is eisceachtúla agus sin de lánrogha Choimisinéir an Gharda Síochána.

ALT 8

IARRATAÍ AR ATHBHREITHNITHE AR CHINNTÍ A RINNEADH I nDÁIL LEIS NA nGNÉITHE SIN DEN PHRÓISEAS CEAPACHÁIN Á SEOLADH AG COIMISINÉIR AN GHARDA

8.8 Ba chóir do Choimisinéir an Gharda eadránaí cinnidh a cheapadh (duine ar leibhéal sinsearach nach bhfuil aon cheangal aige nó aici leis an bpróiseas roghnóireachta) a dhéanfaidh breithiúnas ar iarrataí ar athbhreithniú i gcásanna ina mbeidh iarrthóir míshásta leis an toradh ar a iarratas nó a hiarratas. Féadfaidh an Coimisinéir eadránaí cinnidh seachtrach a cheapadh más mian leis nó léi. Tabharfaidh an Coimisinéir aird chuí ar mholtaí an eadránaí chinnidh in aon athbhreithniú a dhéanfaidh sé nó sí ar aon chinneadh.

8.9 Leagtar amach thios na nósanna imeachta agus na caighdeáin a bheidh le leanacht ag an eadránaí cinnidh le linn gearáin a láimhsiú.

Eadránaí cinnidh

- Ní mór iarraidh an iarrthóra ar athbhreithniú a bheith faighte laistigh de 10 lá oibre ón tráth a fógraíodh an cinneadh nó laistigh de 5 lá oibre ó thoradh na céime neamhfhoirmiúla más ann di. Ní thabharfar aon fhadú ar na teorainneacha ama seo ach sna himthosca is eisceachtúla agus sin de lánrogha Choimisinéir an Gharda Síochána.

- Ar an iarraidh ar athbhreithniú a fháil ba chóir don eadránaí cinnidh admháil a eisiúint laistigh de 3 lá oibre.

- Ba chóir don eadránaí cinnidh aon aighneachtaí i scríbhinn a dhéanfaidh an t-iarrthóir a bhreithniú, agus gach eolas iomchuí eile, lena n-áirítear aon ríomh-phoist, nótaí nó meamraim i leith an an phróisis roghnóireachta a shealbhaíonn Coimisinéir an Gharda. Más gá sin, ba chóir go mbuailfeadh an t-eadránaí cinnidh le pearsanra Choimisinéir an Gharda agus a bhaineann leis an bpróiseas roghnóireachta agus/nó leis an iarrthóir d'fhonn tuilleadh eolais a fháil. Faoi réir aon srianta reachtúla (nó srianta iomchuí eile) ar nochtadh, soláthróidh an t-eadránaí cinnidh don iarrthóir aon ríomh-phoist, nótaí agus meamraim ábhartha iomchuí i leith an phróisis roghnóireachta a shealbhaíonn pearsanra Choimisinéir an Gharda Síochána, ar sin a iarraidh.

- Go ginearálta, ní mór toradh an imscrúdaithe a fhógairt don iarrthóir i bhfoirm tuarascála scríofa laistigh de 20 lá oibre. I gcás nach ligeann an t-imscrúdú cinneadh a thabhairt laistigh den chreat ama sin, ní mór don eadránaí cinnidh an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas faoi stádas an athbhreithnithe agus faoi na cúiseanna atá leis an moill.

- Déanfaidh an t-eadránaí cinnidh moladh do Choimisinéir an Gharda, dá dtabharfaidh Coimisinéir an Gharda breithniú cuí le linn dó nó di an ceapachán a dhaingniú nó a chealú.

8.10 I gcás athbhreithniú ar phróiseas earcaíochta/roghnóireachta a sheoladh faoi alt seo 8, ní feidir le gearánaí athbhreithniú thairis sin ar an ní céanna a lorg faoi alt 9, seachas sna himthosca is eisceachtúla (ar imthosca iad a chhinnfidh an Coimisiún dá lánrogha féin).

ALT 9
NÓSANNA IMEACHTA ATHBHREITHNITHE/ACHOMHARC I nDÁIL LE LÍOMHAINTÍ FAOI SHÁRÚ AR AN gCÓD CLEACHTAIS

Eolas ginearálta

9.1 Cuireann an próiseas athbhreithnithe/achomharc ar chumas daoine athbhreithniú ag an sealbhóir ceadúnais iomchuí (Coimisinéir an Gharda nó Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí) a iarraidh sa chéad ásc, agus athbhreitniú ag an gCoimisiún ina dhiaidh sin ar achomharc, nuair a chreideann siad gur sháraigh an sealbhóir ceadúnais an Cód Cleachtais. Ba cheart líomhaintí faoi sháruithe den sórt sin a dhíriú i scríbhinn ar an sealbhóir ceadúnais sa chéad ásc, ag leagan amach bhunús an ghearáin atá á dhéanamh. Níl aon údarás ag an gCoimisiún gearáin a imscrúdú a bhaineann le neamh-roghnú nó neamh-cheapadh mura réasúnach a cheapadh ón bhfaisnéis a cuireadh ar fáil dó go mb'fhéidir gur sháraigh an próiseas roghnóireachta an Cód Cleachtais, ach amháin sa chás go mbaineann an gearán le mainneachtain líomhnaithe athbhreithniú faoi alt 7, 8 nó 9 a sheoladh de réir cheanglas ailt 7, 8 nó 9.

9.2 Amhail a bhíonn sé i gcás na bpróiseas earcaíochta féin, go feadh réasúnach, ba chóir do gach comhlacht atá ag déileáil le gearáin agus le hiarrataí ar athbhreithnithe nósanna imeachta cothrom a chur i bhfeidhm.

9.3 Ní ghlacfaidh an Coimisiún le gearán maidir le sárú liomhnaithe ar an gCód Cleachtais ach amháin nuair a bheidh scrúdú déanta air ag an sealbhóir ceadúnais sa chéad ásc agus nuair a bheidh an gearánaí míshásta le toradh an scrúdaithe sin.

Próiseas neamhfhoirmiúil

9.4 Nuair a fhaightear gearán ó ghearánaí faoi shárú ar an gCód Cleachtais, molann an Coimisiún go ndéanfaidh an sealbhóir ceadúnais gach iarracht, faoi réir chomhaontú an ghearánaí, an ní a réiteach ar bhonn neamhfhoirmiúil sula mbaintear úsáid as na nósanna imeachta foirmiúla a leagtar amach thíos. Má bhíonn an gearánaí fós míshásta tar éis aon phlé den sórt sin, nó mura mian leis nó léi go ndéileálfar leis an ní go neamhfhoirmiúil, ansin féadfaidh sé/sí glacadh leis na nósanna imeachta foirmiúla de réir an phróisis atá leagtha amach thíos.

9.5 De ghnáth ba chóir go dtarlódh an próiseas neamhfhoirmiúil idir an gearánaí agus an duine atá ag gníomhú thar ceann an tsealbhóra ceadúnais. Ní mór don sealbhóir ceadúnais an t-athbhreithniú neamhfhoirmiúil a dhéanamh gan mhoill.

9.6 I gcás ina mbíonn gearánaí fós míshásta tar éis aon phlé neamhfhoirmiúil den sórt sin, féadfaidh sé/sí glacadh leis na nósanna imeachta foirmiúla atá leagtha amach thíos. Más mian leis an ngearánaí go ndéileálfar leis an ní ar mhodh athbhreithnithe fhoirmiúil, ní mór dó/di déanamh amhlaidh laistigh de 2 lá oibre ó fhógairt thoradh an athbhreithnithe neamhfhoirmiúil.

ALT 9

NÓSANNA IMEACHTA ATHBHREITHNITHE/ACHOMHARC I nDÁIL LE LÍOMHAINTÍ FAOI SHÁRÚ AR AN gCÓD CLEACHTAIS

An sealbhóir ceadúnais do dhéanamh athbhreithnithe fhoirmiúil

9.7 Leagtar amach thíos na caighdeáin agus na nósanna imeachta a bheidh le leanacht ag an ngearánaí agus ag an sealbhóir ceadúnais i ndáil le líomhaintí maidir le sáruithe ar an gCód Cleachtais.

- Ní mór gearán maidir le sárú ar an gCód Cleachtais a dhéanamh i scríbhinn gan mhoill chuig an sealbhóir ceadúnais. Ba cheart sonraí na líomhna a chur ar fáil i scríbhinn, mar aon le haon doiciméadú iomchuí a mheasann an gearánaí a thachódh lena líomhaintí.
- Ar an ngearán a fháil, ba chóir don sealbhóir ceadúnais admháil a eisiúint laistigh de 3 lá oibre.
- Ba chóir do dhuine seachas pearsa aonair a mbeidh ceangal díreach aige nó aici leis an bpróiseas ceapacháin lena mbaineann an gearán a athbhreithniú. Beidh aird ag an duine/na daoine ag seoladh an athbhreithnithe (an "t-athbhreithnitheoir"/na "hathbhreithnitheoirí") ar gach eolas is ábhartha leis an ngearán, lena n-áirítear aon ríomhphoist, nótaí nó meamraim arna n-ullmhú ag pearsanra an tsealbhóra cheadúnais, agus ar a n-áirítear freisin aon doiciméadú a chuir an gearánaí ar fáil. Más gá sin, buailfidh an t-athbhreithnitheoir le pearsanra an tsealbhóra cheadúnais a bhaineann leis an ngearán agus/nó leis an ngearánaí d'fhonn tuilleadh eolais a fháil. Faoi réir aon srianta reachtúla (nó srianta eile) ar nochtadh etc., soláthróidh an t-athbhreithnitheoir don ghearánaí aon ríomhphoist, nótaí agus meamraim ábhartha iomchuí a shealbhaíonn pearsanra an tsealbhóra cheadúnais i leith an phróisis cheapacháin atá i gceist.
- Go ginearálta, ní mór an toradh a fhógairt don iarrthóir laistigh de 20 lá oibre ón ngearán a fháil. I gcás nach ligeann an t-imscrúdú cinneadh a thabhairt laistigh den chreat ama sin, ní mór an gearánaí a choinneáil ar an eolas faoi stádas an athbhreithnithe agus faoi na cúiseanna atá leis an moill.
- Le linn don sealbhóir ceadúnais an gearánaí a chur ar an eolas faoin toradh, ba chóir dó nó di a chur in iúl gur féidir leis an ngearánaí athbhreithniú breise a lorg tríd an ní a tharchur chuig an gCoimisiún ar mhodh achomhairc ar athbhreithniú an tsealbhóra cheadúnais. Ní mór don sealbhóir ceadúnais a rá thairis sin nach mór don ghearánaí aon achomharc den sórt sin a dhéanamh i scríbinn laistigh de 10 lá oibre ón tráth a fuarthas toradh athbhreithniú an tsealbhóra cheadúnais.

9.8 D'fhonn a éascú don Choimisiún sáruithe líomhnaithe ar an gCód Cleachtais a athbhreithniú, ní mór do shealbhóirí ceadúnais taifead iomlán a choinneáil de gach comhfhreagras agus d'aon doiciméadú

iomchuí, ar nós miontuairiscí cruinnithe, taifid ar ríomhphoist agus nótaí ó chomhráití teileafóin nó cruinnithe, chomh maith le doiciméadú arna chur ar fáil ag an ngearánaí i leith an ghearáin.

Athbhreithniú foirmiúil ag an gCoimisiún

9.9 Déanfaidh an Coimisiún cibé beart is dóigh leis is gá má mheasann sé, gur dóichí ná a mhalairt, gur mainníodh an Cód Cleachtais a chomhlíonadh, de réir fhorálacha an Achta um Bainisíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004, lena n-áirítear ceadúnas earcaíochta a chúlghairm más cuí sin.

9.10 Leagtar amach thíos na nósanna imeachta agus na caighdeáin a bheidh le leanacht ag an gCoimisiún le linn dó gearáin maidir le sáruithe líomhnaithe ar an gCód Cleachtais a láimhsiú.

- Ní mór achomharc chuig an gCoimisiún maidir le sárú líomhnaithe ar an gCód Cleachtais a dhéanamh i scríbhinn laistigh de 10 lá oibre ón bhfógra faoi chinneadh an tsealbhóra cheadúnais a fháil. Ba chóir aon sonraí maidir le forais an achomhairc, maille le haon doiciméadú ag tacú leis na forais sin, agus aon doiciméadú a cuireadh ar fáil don sealbhóir ceadúnais i leith an iarratais bhunaidh ar athbhreithniú, a chur ar fáil i scríbhinn don Choimisiún laistigh den chreat-ama seo.
- Tabharfar admháil laistigh de 3 lá oibre go bhfuarthas an t-iarratas.
- Déanfaidh an Coimisiún imscrúdú ar an ngearán.
- Cuirfear an toradh in iúl, i bhfoirm tuarascála i scríbhinn, don pháirtí atá i mbun gearáin agus don sealbhóir ceadúnais, laistigh de 25 lá oibre. I gcás nach mbíonn toradh ar an imscrúdú laistigh den chreat-ama seo, coinneoidh an Coimisiún an dá pháirtí ar an eolas maidir le stádas an athbhreithnithe agus na cúiseanna atá leis an moill.
- Déanfaidh an Coimisiún a chinneadh ar bhonn aon eolais i scríbhinn a bheidh ar fáil i leith an ní, nó ar bhonn aon aighneachtaí i scríbhinn a dhéantar chuige, agus de ghnáth ní reachtálfar agallaimh, cé gur féidir leis an gCoimisiún é sin a dhéanamh má chreidtear gur chóir sin i gcúinsí áirithe cásanna ar leith.
- Níl aon dul thar chinneadh an Choimisiúin.

ALT 10
FREAGRACHT AIREACHTA

Is ar an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí atá an fhreagracht as gach ní a bhaineann le hearcaíocht lena n-áirítear critéir incháilitheachta, téarmaí agus coinníollacha agus úsáid na Gaeilge agus eolas uirthi.

AGUISÍN

Mínithe ar na téarmaí

Sa Chód seo:

Ciallaíonn an tAcht an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004.

Ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt:

Ciallaíonn ceapachán duine a cheapadh chun poist mar Gharda faoi Oiliúint sa Gharda Síochána.

Ciallaíonn Príomhfheidhmeannach Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Ciallaíonn Coimisiún an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Ciallaíonn Coimisinéir an Gharda Coimisinéir an Gharda Síochána.

Ciallaíonn sealbhóir ceadúnais duine dár deonaíodh ceadúnas.

Ciallaíonn Aire an tAire iomchuí den Rialtas de réir mar atá leagtha amach in Alt 58 den Acht.

Ciallaíonn sealbhóir oifige ceann roinne/oifige/comhlachta.

D'ullmhaigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí an Cód Cleachtais seo (Uimh. 05/07) de réir fhorálacha Ailt 23 agus 24 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

Féadfaidh an Coimisiún an Cód seo a chúlghairm nó a leasú de réir mar is cuí leis.

Tá sé de chead ag an gCoimisiún cibé gníomh a dhéanamh is dóigh leis is gá i gcás go mbeidh sé den tuairim gur mainníodh déanamh de réir théarmaí an Chóid Chleachtais seo.

An Coimisiún
um Cheapacháin
Seirbhíse Poiblí
Commission
for Public Service
Appointments

An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí
Áras na Caibidle, 26-30 Sráid na Mainistreach Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
a d'fhoilsigh sa bhliain 2007
Teil: (01) 877 9940, Facs: (01) 877 9950
Rphost: info@cpsa-online.ie
Idirlíon: www.cpsa-online.ie